Glór Cheatharlach

# Ceiliúradh Cainte i gColáiste Leoin

2013 Bliain na Gaeilge
Bígí Linn - Let's Celebrate our language www.gaeilge2013.ie

Tá 2013 ainmnithe mar Bhliain na Gaeilge. Cuireadh tús le hathbheochan na Gaeilge 120 bliain ó shin le bunú Chonradh na Gaeilge sa bhliain 1893 agus dá bhrí sin tá ceiliúradh na teanga faoi lán seoil fud fad na tíre i mbliana. Tá na mílte deis úsáide Gaeilge ar fáil don dá mhilliún duine sa phobal a bhfuil Gaeilge ar leibhéil éagsúla acu, chomh maith le daoine a mhealladh chun an Ghaeilge a fhoghlaim ó thús.

Is féile bhliana ar son na teanga í Bliain na Gaeilge agus tá imeachtaí spraíúla éagsúla á n-eagrú chun an pobal a spreagadh lena gcuid Gaeilge a úsáid go rialta. Ceann de na tionscnaimh sin ná "Ceiliúradh Cainte i Scoileanna". Roghnaíodh Dé Céadaoin, 17 Aibreán don tionscnamh áirithe seo agus iarradh ar scoileanna clárú don dushlán chun Gaeilge a labhairt thar 12 uair a' chloig. B'é aidhm an tionscnaimh ná na daltaí agus pobal na scoile a spreagadh chun labhairt as Gaeilge amháin do lá iomlán sa bhaile, ar scoil, le cairde, ag siopadóireacht, ag spraoi agus eile.

I measc na scoileanna a ghlac páirt sa Cheiliúradh Cainte bhí na daltaí i mbliain 2 agus i mbliain 4 i gColáiste Leoin Naofa, Ceatharlach. An múinteoir Gaeilge Karen Ní Riain a d'eagraigh an ceiliúradh agus a threoraigh imeachtaí an lae. Bhí na daltaí féin an-tógtha leis an smaoineamh agus thugadar faoin dúshlán go fonnmhar. Chaitheadar t-léinte leis an manadh "Labhair Gaeilge Liom Inniu" curtha ar fáil ag Conradh na Gaeilge atá ag tiomáint Bhliain na Gaeilge i gcomhar le Bliain na dTóstal.

Bhí Iníon Ní Riain thar a bheith sásta leis an lá. "Bhí ceiliúradh iontach againn agus rinne na daltaí agus na múinteoirí iarracht an-mhór an Ghaeilge a labhairt go nádúrtha i rith an lae" arsa Karen. "Thar aon ní eile bhaineadar taitneamh as an nGaeilge agus thuigeadar gur teanga bheo í agus gur féidir í a usáid go nádúrtha lasmuigh den seomra ranga".

Bhí am iontach ag gach éinne agus chomh maith leis an teanga a cheiliúradh sa scoil don lá d'eagraigh na daltaí bailiúchán ar mhaithe leis an eagras deonach Headstrong a dhíríonn aird ar shláinte intinne i measc daoine óga. Thug beirt mhac léinn as Bliain 2D, Ciara Céitinn agus Aoife Nic Aonghusa agus an múinteoir Karen cuairt ar Kclr chun tuairisc a thabhairt ar an gclár Tobar an Cheantair faoi Cheiliúradh Cainte i gColáiste Leoin. Ba léir gur bhaineadar taitneamh agus tairbhe as taithí an lae agus as labhairt faoi ar an raidió. Ba léir freisin go mbeidh siad réidh chun a thuilleadh Ceiliúraidh Cainte a eagrú sa scoil roimh dheireadh Bhliain na Gaeilge 2013.

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| athbheochan | revival |
| ceiliúradh | celebration |
| dúshlán | nádúrtha |
| t-léinte | t-shirts |
| manadh | slogan |
| eagras | organisation |
| deonach | voluntary |



**Ciara Céitinn agus Aoife Nic Aonghusa réidh chun cainte ar Kclr96fm**

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

# Dialann Ghaeilge an tSamhraidh

Is Leor Beirt: Tiocfaidh an Ciorcal Comhrá le chéile i Leabharlann Chontae Cheatharlach gach Máirt ag 10.30r.n. ar feadh uair a' chloig. Cuirtear fáilte roimh chainteoirí agus fhoghlaimeoirí na teanga agus bíonn cupán tae ar fáil chomh maith. Fáilte isteach ar 4ú Meitheamh agus gach Máirt go deireadh Mhí an Mheithimh.

Gaeilge Le Chéile: Beidh an teacht le chéile sóisialta míosúil i dteach tábhairne Reddys, Sráid na Tulaí ar an Déardaoin, 6ú Meitheamh ag tosnú ag 9.00i.n. Tagann aan grúpa le chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí ar mhaithe le caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge.

Turas Treoraithe ar an Músaem: Eagrófar turas treoraithe trí Ghaeilge ar Mhúsaem Chontae Cheatharlach ar Dé Máirt, 11ú Meitheamh ag 10.30r.n. Tabharfaidh Seán Mac Diarmada, Leas-choiméadaí an Mhúsaem, léargas ar phríomh mhíreanna na hiarsmalainne. Fáilte roimh chách.

SPRAOI: Tiocfaidh SPRAOI, an grúpa dátheangach Tuistí & Leanaí le chéile ar Dé Sathairn, 8ú agus 22ú Meitheamh ag 11.00r.n. in Ionad Phobal Darach Úr.

Tugann an grúpa seo deis do thuismitheoirí a bhfuil suim acu a bpáistí a thógáil le Gaeilge bualadh le chéile uair sa choicís chun taitneamh a bhaint as cupán tae agus comhrá trí Ghaeilge fhad is a bhíonn a bpáistí ag spraoi le chéile.

Corn Peile Ghlór na nGael 2013: Eagrófar Chorn Peile Ghlór na nGael 2013 do bhunscoileanna i bPáirc Éire Óg. Beidh comórtas na gcailíní ar siúl ar an Mháirt, 4ú Meitheamh agus comórtas na mbuachaillí ar an gCéadaoin, 5ú Meitheamh ag 3.30i.n.

Tá an comórtas bliantúil seo teoranta do dhaltaí i rang a cúig agus faoi agus tugann na cluichí deis iontach do na peileadóirí óga a gcuid scileanna a chleachtadh ag deireadh na scoilbhliana. Agus Gaeilge a labhairt chomh maith.

Spraoicheist: Reachtáilfear SPRAOICHEIST 2013 do dhaltaí ins na hardranganna i mbunscoileanna an cheantair ar an Deardaoin 13ú Meitheamh. Eagraithe i gcomhar le Gael Linn, tiocfaidh suas le daichead foireann le chéile i Halla na Gaelscoile agus bronnfar duaiseanna agus plaiceanna ar na foirne buachach.

Naíonra Cheatharlach: Tugann Coiste Naíonra Cheatharlach cuireadh do thuismitheoirí chuig cruinniú oscailte a thionólfar sa Naíonra, Ionad Snámha, Gráig Chuilinn ar an Mháirt, 18ú Meitheamh ag 8.00i.n.

Solathraíonn an Naíonra oideachas réamhscolaíochta trí Ghaeilge do pháistí óga agus an bhliain saor in aisce san áireamh. Tá clárú don scoilbhliain nua ar siúl faoi láthair agus beidh gach eolas ar fáil ag an gcruinniú oscailte.

Aisteoirí an Lóchrainn: Tar éis dóibh trí ghradam a bhuachaint ag an bhFéile Drámaíochta Náisiúnta le déanaí, tá cuireadh faighte ag Aisteoirí an Lóchrainn an dráma "An Cráiteachán" a léiriú ag Tionól Gaeltachta an tSamhraidh in Áran Mhór ar an Satharn, 6ú Iúil. Comhghháirdeachas leo agus beidh an compántas ar ais i mbun aisteoireachta sa fómhar.

Coláiste Samhraidh: Reachtáilfear Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ó 9.30r.n. go 1.00i.n. ar feadh choicíse ó 1-12 Iúil. Beidh an cúrsa lonnaithe i nGaelcholáiste Cheatharlach agus oiriúnach do mhicléinn suas go hArdteist. Táille €200. Campa na nÓg: Eagrófar Campa do páistí ó 4-6 bliana d'aois.

Beidh rogha de dhá seachtain i mbliana agus lonnaithe sa Naíonra, Gráigchuilinn. Dátaí: 8-12 Iúil agus 15-19 Iúil. Táille €40.

Campa Samhraidh: Beidh an Campa Samhraidh oiriúnach do dhaltaí 7-11 bliana. Lonnaithe i nGaelscoil Cheatharlach ar feadh seachtaine ó 15-19 Iúil. Táille €50.

Gaeilge ins na Meáin: Cuirtear "Tobar an Cheantair", an clár seachtainiúil trí Ghaeilge i láthair ar Kclr96fm gach Céadaoin ó 7.00-8.00i.n. Agus leanfar leis an gColún Gaeilge gach seachtain ins an Carlow Nationalist. Cuirtear fáilte roimh nuacht agus scéalta don Chlár agus don Cholún i gcónaí.

SULT agus Seisiún: Beidh fáilte roimh cách ag an oíche SULT deireannach roimh saoire an tsamhraidh ar an Déardaoin, 27ú Meitheamh ó 9.00i.n. i dTeach Dolmain. Caint, comhrá agus ceol.

# Lovely girls competition – an outstanding success

## Grange



CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET

THE lovely girls competition which was run by Grange GAA Club in the Tara Arms on Friday 24 May was a roaring success with the audience laughing throughout. The competition was central part of the play performed on the night and was based on an episode of *Fr Ted* of the same name. The club thanks everyone who supported this fundraiser and those who took part and helped out. The full cast of characters on the night consisted of Fr Dick Byrne – Locky Byrne, Fr. Ted Crilly – Paddy Browne, Fr Jack – Willie Rooney, Fr Dougal – Peter Cleere, Bishop Brennan – Henry Hegarty, Fr Liam Fingleton – Fionn Murphy, Fr Larry Duff – Paul Jackman, Fr Fintan Stack – Oisin Teehan, Mrs Doyle – Liz Hegarty, lovely girls: Imelda – Collette Cleere, Joan – Tricia Sherman, Kitty and Kat – Anne Rooney and Mary Pender, Mary – Mary Shannon, Irene – Elaine Dunne, Concepta McGonigal – Nial Byrne, Fanny McFace – Ciaran Pender, Brigid – Brian (the shadow) Kennedy, Sheila Sheik – David Cleere.

The director was Maria Ansbro, the production team was Claire Fitzpatrick, Ellie Hegarty, Helen Hickey, Mary Pender and Anne Rooney, music and sound by Tim Madden, John Doran and Helen Hickey, graphics and design by BM Graphics Ballon and hair and make up by Roots 66 Hair Studio and Sandra Travers. Also on the night a cheque for over €12,000 was presented to the Irish Cancer Research Society which was raised from a sponsored shave and dye run by Grange GAA Club and Grange FC.

**GAA LOTTO**

There was no winner in Grange GAA Club's recent lotto draw. The lucky dip winners were James O'Toole, Rathbawn and Jeff, c/o The Hogan Stand, Tullow with the sellers prize going to The Hogan Stand. The next draw for a jackpot of €13,500 will be held in Walshes, Killerig on Wednesday night, 5 June. Tickets at €2 are available from committee members and your continued support is very much appreciated.